



**ACHT NA
dTEANGACHA
OIFIGIÚLA 2003 -
SCÉIM TEANGA
2022 - 2025**

Clár na nÁbhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	3
 Caibidil 2: Forbhreathnú ar Teagasc	 4
2.1 Misean agus Cuspóirí	4
2.2 Príomhfheidhmeanna.....	4
2.3 Eochairsheirbhísí	4
 Caibidil 3: Sonraí seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach	 6
3.1 Tá Teagasc sásta leis an méid atá bainte amach mar gheall ar na bearta i scéimeanna roimhe seo a chur i bhfeidhm agus tá dul chun cinn déanta maidir le cumas Teagasc seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach thíos cuid de na bearta sin:	6
 Caibidil 4: Soláthar dátheangach seirbhísí a fheabhsú	 8
4.1 Feabhsú seirbhísí	8
4.2 Tréithe na Scéime.....	8
 Caibidil 5: Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú	 13
5.1 Earcaíocht	13
5.2 Oiliúint agus Forbairt.....	13
5.3 Poist Ainmnithe Gaeilge.....	14
 Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	 15
 Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	 16

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Foráiltear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú) go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim Teanga ina sonraítear na seirbhísí teanga a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís, nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge, a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

I gcomhréir le hAlt 14(3) den Acht beidh Scéimeanna Teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndearbhóidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim nua, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Le hullmhú na scéime seo, tugadh aird chuí do na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin, rinneadh próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha.

Faigheann Teagasc treoir ón bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí trí Ghaeilge bunaithe ar:

- leibhéal éilimh ar sheirbhísí sonracha trí Ghaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir le seirbhísí dá leithéid a sholáthar, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta lena mbaineann an cumas teanga is gá a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo na prionsabail a bhaineann le Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí chomh maith lenár gCairt Custaiméirí. Cuireadh i dtoll a chéile í d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh Teagasc ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo, gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Tá an scéim seo bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm.

Tuigtear agus aithnítear an t-am atá caite ag gach duine agus an iarracht atá déanta acu mar chuid den phróiseas seo.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Dhearbhaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt na Meán an scéim seo. Beidh éifeacht ag an scéim ón 1 Eanáir 2022 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndearbhófar scéim nua, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Teagasc

2.1 Misean agus Cuspóirí

Bunaíodh Teagasc faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle) 1988, a shonraíonn gurb iad na príomhfheidhmeanna a bheidh ag Teagasc ná:

- Seirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairliúcháin a sholáthar nó a chur ar fáil sa talmhaíocht, leana n-áirítear garraíodóireacht agus foraoiseacht.
- An t-eolas eolaíoch agus praiticiúil a fháil agus a chur ar fáil do thionscal na talmhaíochta a theastaíonn uaidh i ndáil leis an talmhaíocht.
- A ghabháil de láimh, a chur chun cinn, a spreagadh, a chomheagrú, a éascú, a athbhreithniú agus cuidiú le taighde agus forbairt talmhaíochta (lena n-áirítear taighde agus forbairt i ndáil le próiseáil bia agus leis an tionscal próiseála bia).

I measc na bhfreagrachtaí seo ní mór do Teagasc freastal ar riachtanais teicneolaíochta an bhiashlabhra ar fad 'ón bhfeirm chuig an mbord' agus tugann Teagasc aghaidh air seo le taighde, comhairle agus oiliúint chomhtháite a sholáthar.

2.2 Príomhfheidhmeanna

I ngeall ar an údarás thuasluaite tá Teagasc freagrach as freastal ar na riachtanais eolais agus teicneolaíochta den bhiashlabhra ar fad agus tá sé ar a chumas seirbhísí taighde, comhairle agus oideachais a chomhtháthú d'fhonn an tacaíocht nuálaíochta a sheachadadh atá riachtanach le haghaidh todhchaí slán san earnáil agraibhia.

Údarás aon bhall déag atá i struchtúr bainistíochta Teagasc agus an Stiúrthóir mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as gach gné na heagraíochta a bhainistiú. Tá ceannairí na trí Stiúrthóireacht (Taighde, Aistriú Eolais agus Oibríochtaí) chomh maith le bainisteoirí sinsearacha eile sa Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí agus cabhraíonn siad leis an Stiúrthóir polasaithe a chur i bhfeidhm.

2.3 Eochairsheirbhísí

2.3.1 Stiúrthóireacht Taighde

Tá thart ar 300 tionscadal taighde, arna ndéanamh ag 500 foireann eolaíoch agus teicniúil ina ionaid taighde ar fud na hÉireann, i bpunann taighde bliantúil Teagasc. Comhoibríonn Teagasc go forleathan le comhghleacaithe in ollscoileanna Éireannacha. Feabhsaíonn clár chomhaltachta iarchéime Teagasc, a thugann tacaíocht do bhreis agus 100 mac léinn MSc agus PhD agus in aghaidh na bliana, an comhoibriú seo. Glacann Teagasc páirt go forleathan i gCreatchláir de chuid an Aontais Eorpaigh agus tá comhaontuithe déthaobhacha forbartha aige le heagraíochtaí taighde san Eoraip, i SAM agus sa Nua-Shéalainn.

Is é an dúshlán atá i gceist do thaighde Teagasc ná ceannaireacht a thabhairt don tionscal agraibhia agus do phobail tuaithe trí heolas agus nuálaíocht a sholáthar chun bheith mar bhonn faoin iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá Teagasc i ndiaidh a chumas i bpríomhréimsí taighde bunúsacha a neartú, go sonrach trí dhíriú níos mó ar na bitheolaíochtaí, agus infheistíocht suntasach a dhéanamh iontu. Déanfar cinnte leis sin go mbeidh taighde agraibhia iomaíoch an oiread agus is féidir sa chlár náisiúnta eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta (CTN) agus i Réimse Taighde na hEorpa. Cuireann léargais a thagann ón gcumas nua bitheolaíochta seo go díreach le láidreachtaí traidisiúnta na heagraíochta maidir le taighde feidhmeach

talmhaíochta agus bia agus cabhraíonn siad le raon feidhme agus le tionchar na ngníomhaíochtaí leanúnacha a leathnú.

2.3.2 An Stiúrtóireacht um Aistriú Eolais

2.3.2.1 Clár Comhairleach

Is é príomhchuspóir na Seirbhíse Comhairlí ná an acmhainn uathúil de chaipiteal daonna atá i bhfeirmeacha teaghlaigh a fhorbairt d'fhonn iomaíocht idirnáisiúnta a bhaint amach, ioncam a bharrfheabhsú agus an comhshaol a chosaint. Tá an cumas agus an tsolúbthacht ag an tseirbhís, feirmeoirí a threorú maidir le hathrú agus coigeartú leanúnach a láimhseáil agus, go háirithe, an t-aistriú atá riachtanach anois chun feirmeoireacht iomaíoch a chomhcheangal le dea-chleachtas feirmeoireachta.

Soláthraíonn Teagasc a sheirbhísí comhairleacha ó líonra a bhfuil thart ar 50 oifig ann ar fud na tíre. I measc na seirbhísí a sholáthraítear tá cuairteanna comhairleacha ar fheirmeacha, comhairliúcháin oifige agus fóin, nuachtlitreacha teicniúla rialta, seimineáir, seimineáir ghréasáin, podchraoltaí, pléghrúpaí, siúlóidí feirme agus suíomh gréasáin le haghaidh cliant. Ina theannta sin, foilsíonn an eagraíocht iris dhémhíosúil d'fheirmeoirí a bhfuil mar chliant aige dar teideal "Today's Farm". Tá breis agus 43,000 teaghlach feirme ag baint leas as na Seirbhísí Comhairleacha, níos mó ná leath dá gcuid ag fáil dianseirbhíse.

2.3.2.2 Clár Oideachais

Tá ról lárnach le himirt ag oideachas agus oiliúint i sochaí foghlama le scileanna, eolas agus inniúlachtaí lucht fágála scoile, feirmeoirí fásta agus oibrithe a mhéadú. Sa ré nua-aimseartha talmhaíochta seo tá ceanglas ar fheirmeoirí scileanna nua a fhoghlaim. Soláthraíonn na Seirbhísí Comhairleacha agus Oiliúna réimse cúrsaí, go leor acu atá creidiúnaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Cuireann foireann thiomanta d'oifigigh oideachais, agus Comhairleoirí agus Speisialtóirí Talmhaíochta ag tacú leo, oiliúint áitiúil ar fáil do dhaoine fásta, ar bhealach solúbtha, chun cinntiú go mbaintear amach a oiread rannpháirtíochta agus is féidir.

Don mhórchuid, cuirtear an traenáil do dhaoine óga ar fáil ag Coláistí Teagasc. Cuireann na coláistí an Santeastas Talmhaíochta ar fáil d'fheirmeoirí páirtaimseartha ina gceantair féin i gcomhar leis na Seirbhísí Comhairleacha. Chomh maith leis sin cuireann Teagasc oiliúint ardleibhéil ar fáil i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta, atá creidiúnaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

2.3.3 An Stiúrtóireacht Oibríochtaí

Déantar riarachán ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil araon. Ag an leibhéal náisiúnta, cuireann an Stiúrtóireacht Oibríochtaí seirbhísí láraithe ar fáil a bhaineann le hAirgeadas, Acmhainní Daonna, TFC agus Seirbhísí Corparáideacha (lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail Soláthar, Bainistíocht Réadmhaoine agus Árachas), rudaí nach mbeadh éifeacht ná luach ar airgead ag baint lena soláthar ag leibhéal áitiúil.

Is mar gheall ar an meascán de thaighde agus tacaíocht nuálaíochta in aon eagraíocht amháin atá Teagasc in áit ar leith chun aistriú eolais agus luach ar airgead infheistithe a chinntiú. De thairbhe struchtúr na heagraíochta, ní hamháin go bhfuil Teagasc in ann an t-eolas cuí a chruthú/a sholáthar ach is féidir leis freisin an t-eolas a aistriú trína sheirbhís leathan chomhairleach agus an cumas a chruthú sa phobal chun an t-eolas sin a úsáid trí chlár dhíríthe oideachasúla. Agus béim athnuaithe ar nuálaíocht san eagraíocht, déantar iarracht cinntiú go n-úsáidtear an t-eolas i gceantair thuaithe chun rachmas inbhuanaithe a ghiniúint.

Caibidil 3: Sonraí seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

3.1 Tá Teagasc sásta leis an méid atá bainte amach mar gheall ar na bearta i scéimeanna roimhe seo a chur i bhfeidhm agus tá dul chun cinn déanta maidir le cumas Teagasc seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach thíos cuid de na bearta sin:

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla Amháin	I nGaeilge Amháin	Dátheangach	Nótaí
Foilsíú na Cairte Custaiméirí			x	
Foilsíú an Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí			x	
Foilsíú na Tuarascála Bliantúla (ina bhfuil cuntais iniúchta agus Tuarascála airgeadais)			x	
Foilsíú Preaseisiúintí			x	Foilsíodh 10% de Phreaseisiúintí gach bliain i nGaeilge ó bhí 2010 ann agus tá siad ar fáil ar an suíomh gréasáin poiblí. Tiocfaidh méadú go 15% ar an líon Preaseisiúintí sa bhliain a n-aistreofar go Gaeilge iad agus a bhfoilseofar ar an suíomh gréasáin poiblí iad faoin Scéim úr.
Foilsíú an Ráitis Straitéise			x	
Cártaí tráchta custaiméirí ag an deasc fáiltithe			x	
Foirm Aiseolais Ar Líne do Chustaiméirí http://interactive.teagasc.ie/Open/CustomerComment			x	
Beannú fóin			x	
Seirbhís fóin			x	Más é an cás é nach bhfuil cainteoir Gaeilge ar fáil, déanfar socrú chun glaoch a chur ar ais.
Soláthar sheirbhísí na meáin, agallaimh san áireamh.			x	Agallaimh ar fáil sa teanga ina ndearnadh iad.
Fógraíocht post ar www.publicjobs.ie			x	
Tráchttaireacht eagarthóireachta san iris Today's Farm			x	
Soláthar eolais ar Scéimeanna á n-oibriú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara			x	

Stáiseanóireacht			x	
Comhfhreagras i scríbhinn			x	Tabharfar freagra ar gach comhfhreagras sa teanga oifigiúil ina scríobhadh é.
Ríomhphoist			x	Tá seoladh ríomhphost ar leith do cheisteanna i nGaeilge ar an suíomh gréasáin poiblí; gaeilge@teagasc.ie
Comharthaíocht			x	
Suíomh Gréasáin	x			
Na Meáin Shóisialta			x	Tá cuid d'ábhar Teagasc ar na meáin shóisialta i nGaeilge. Mar shampla, uaslódáladh gearrthóg físe ghairid as Gaeilge ar na mallaibh (agus fotheidil Bhéarla leis) ar leathanach Twitter Teagasc ar an tábhacht a bhaineann lenár ngnáthóga tábhachtacha a chosaint san fheirmeoireacht.
Podchraoltaí	x			Cé nach bhfuil aon phodchraoladh Teagasc i nGaeilge amháin, bíonn baill foirne Teagasc páirteach i bpodchraoltaí eile <i>as Gaeilge</i> . Sampla de sin is ea podchraoladh ar an gcomhshaol le déanaí ó Sheirbhís Mheitéareolaíochta na hÉireann - https://www.rte.ie/eile/met-eireann-podcasts/2021/0608/1226917-tionchar-na-haimsire-ar-fhas-bia/
Seimineáir Ghréasáin	x			
An Ghaeltacht - logainmneacha		x		Baintear úsáid as ainmneacha oifigiúla Ghaeilge na Gaeltachta.

Caibidil 4: Soláthar dátheangach seirbhísí a fheabhsú

4.1 Feabhsú seirbhísí

Is é an cuspóir atá ag Teagasc sa scéim seo ná leanúint lena ghealltanais a chomhlíonadh agus leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil go dátheangach a fheabhsú, agus éileamh ar an tseirbhís á chur san áireamh. Cuirfidh Teagasc bearta eile i bhfeidhm atá dírithe ar sheirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge agus cabhrú le cliaint teacht orthu, go háirithe maidir le cumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn, agus an teicneolaíocht faisnéise.

Cé go bhfuil leibhéal íseal de Ghaeilge labhartha agus scríofa ag baill foirne Teagasc go ginearálta, tá dea-thoil ag go leor acu i leith na teanga. Léiríodh níos mó spéise i gceachtanna Gaeilge agus déanfar fiosú faoin Scéim ar na féidearthachtaí a bhaineann le hoiliúint mar seo a sholáthar. Leanfaidh Teagasc leis an sprioc atá aige cumas na foirne i nGaeilge labhartha agus scríofa a fhorbairt chun soláthar sheirbhísí Ghaeilge idirphearsanta a éascú.

4.2 Tréithe na Scéime

Tabharfaidh Teagasc faoi na liostaí gníomhaíochtaí a leanas faoi gach seirbhís:

Modh cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais
Cumarsáid labhartha / i scríbhinn	Fáiltiú	➤ Aithníonn Teagasc gur iad na baill foirne ag an deasc fáilte an chéad phointe teagmhála atá ag an bpobal leis an eagraíocht agus leanfaidh na baill foirne sin leo ag cur áiseanna fáiltithe ar fáil as Gaeilge i ngach oifig. Tabharfaidh na baill foirne ag an deasc fáiltithe ainm na hoifige i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh siad eolach ar na beannaithe bunúsacha i nGaeilge. ➤ Cuirfidh Teagasc athoiliúint ar fáil do bhaill foirne a bhfuil oiliúint fáilteora nó cúrsa athnuachana de dhíth orthu. ➤ Cuirfidh na baill foirne ag an deasc fáiltithe custaiméirí i dteagmháil leis an oifigeach cuí, chomh gasta agus is féidir leo, atá in ann an tseirbhís atá ag teastáil a sholáthar as Gaeilge. ➤ De rogha air sin, mura bhfuil cainteoir Gaeilge ar fáil, déanfar glaoch ar ais ar an gcustaiméir a shocrú chomh luath agus is féidir.
	Duine le Duine/Seirbhís Chuntair	➤ Cuirfear seirbhís chuntair a sholáthraítear i mBéarla ar fáil as Gaeilge freisin, mar a iarrtar. ➤ Tá liosta cothrom le dáta de bhaill foirne atá in ann seirbhís a sholáthar agus a bheith ag obair leis an bpobal trí mheán na Gaeilge ar fáil ar inlín inmheánach Teagasc (T-Net) agus cuirfear é sin ar fáil don fhoireann chuí.
	Cumarsáid fóin leis an bpobal	➤ Soláthrófar treoir don fhoireann ar ghlaonna fóin ó chainteoirí Gaeilge den phobal a láimhseáil. Beannófar do chustaiméirí as Gaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla. ➤ Cuirfidh baill foirne dhátheangacha in iúl do chustaiméirí go bhfuil siad toilteanach freastal orthu i nGaeilge más gá.

	Bileoga Eolais/Bróisiúir	➤ Beidh leagan dátheangach de na bileoga eolais agus na bróisiúir is mó a úsáidtear ar fáil. ➤ Beidh réamhrá gairid agus achoimre i nGaeilge i ngach foilseachán agus bileog eolais nua chun an t-ábhar ginearálta a chur in iúl. ➤ Déanfaidh Teagasc cinnte de go bhfoilseofar doiciméid pholasaí ag an am céanna sa dá theanga oifigiúla ar an suíomh gréasáin poiblí. Cuirfear cóip chrua de na doiciméid sin ar fáil, arna iarraidh sin. ➤ Leanfaidh Teagasc le dul i dteagmháil le seirbhísí aistriúcháin seachtracha chun tacú le riachtanais aistriúcháin nuair nach bhfuil na hacmhainní ar fáil laistigh de Teagasc.
	Foirmeacha Iarratais	➤ Beidh leagan dátheangach de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear ar fáil. ➤ In imthosca áirithe, foilseofar foirmeacha i dteanga amháin ach cuirfear ráiteas le leagan Béarla na foirme, ag rá go bhfuil leagan Gaeilge na foirme ar fáil freisin. ➤ Cuirfear leagan Gaeilge na bhfoirmeacha iarratais ar fáil sna heasraisí céanna ina bhfuil an leagan Béarla.
Na Meáin	Preaseisiúintí	➤ Foilsíodh 10% na bpreaseisiúintí in aghaidh na bliana i nGaeilge ó 2010 i leith agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin poiblí Teagasc www.teagasc.ie/about/gaeilge/preaseisiuinti. Méadófar air seo go dtí 15% faoin Scéim nua. ➤ Déanfar na preaseisiúintí uile a bhaineann leis an nGaeltacht nó leis an nGaeilge a eisiúint i nGaeilge ag an am céanna.
	Today's Farm (iris dhémhíosúil)	➤ Foilsíonn Teagasc iris dar teideal Today's Farm sé huaire in aghaidh na bliana, a dháiltear chuig thart ar 43,000 teaghlach feirmeoireachta. Foilseofar go fóill an tráchtairacht eagarthóireachta i ngach iris i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé beartaithe an t-ábhar Gaeilge san iris Today's Farm a mhéadú.
	TResearch (iris ráithiúil)	➤ TResearch an teideal atá ar fhoilseachán oifigiúil eolaíochta Teagasc a bhfuil mar aidhm aige torthaí taighde na heagraíochta a scaipeadh ar lucht léitheoireachta leathan. Foilsítear an iris go ráithiúil agus leanfar den tráchtairacht eagarthóireachta i ngach iris a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla.
	Urlabhraithe na Meán	➤ Leanfaidh Aonad Teagasc um Chaidreamh Poiblí agus um Chumarsáid le Chustaiméirí de thaifead a choinneáil maidir le baill foirne ar féidir leo agallaimh teilifíse nó raidió a dhéanamh le meáin na Gaeilge. ➤ Déanann urlabhraithe Teagasc a bhfuil Gaeilge acu agallaimh go rialta agus glacann siad páirt i <i>Raidió na Gaeltachta</i> agus sna meáin Ghaeilge eile agus leanfaidh

		Teagasc de chinntiú go mbeidh a leithéid d'urlabhraithe ar fáil.
Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphost	➤ Is é seo a leanas an seoladh ríomhphoist ar leith atá ar fáil do cheisteanna as Gaeilge ar shuíomh gréasáin poiblí Teagasc: gaeilge@teagasc.ie ➤ Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist amhail fógraí séanta dátheangach go fóill.
	Suíomh gréasáin	➤ Leanfaidh Teagasc ar aghaidh ag cur rannán Gaeilge ar fáil ar a shuíomh gréasáin poiblí. Beidh eochairdhoiciméid ar fáil sa rannán go dátheangach, an Scéim Teanga, an Chairt Custaiméirí, an Plean Gníomhaíochtaí Custaiméirí agus an Ráiteas Straitéise san áireamh. ➤ Chomh maith leis sin, tá leathanach Gaeilge ar fáil ar an inlíon inmheánach (T-Net) ar a bhfuil treoír bhunúsach maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus fáil ar acmhainní Gaeilge. ➤ Forbrófar leathanaigh Ghaeilge ar an suíomh gréasáin poiblí agus coinneofar suas chun dáta iad.
	Ríomhchórais	➤ Tá na ríomhchórais reatha go léir comhoiriúnach leis an nGaeilge. ➤ Beidh ríomhchóras nua a shuiteálfar lán ábalta plé leis an nGaeilge. ➤ Beidh áiseanna priontála nua a shuiteálfar lán ábalta plé leis an nGaeilge. ➤ Leanfaidh Teagasc d'úsáid ghníomhach a bhaint as teicneolaíocht agus d'fheabhas a chur ar an soláthar seirbhísí dátheangacha. ➤ Cuirfear le rannán Acht na dTeangacha Oifigiúla agus le leathanach na Gaeilge ar inlíon Teagasc (T-Net) mar áiseanna agus tacaíocht don fhoireann.
	Duillíní Pá	➤ Leanfaidh Teagasc de chinntiú go gcuirfear duillíní pá i nGaeilge agus i mBéarla araon ar fáil don fhoireann.
	Eile - Workvivo	➤ Thug Teagasc ardán cumarsáide d'fhostaithe isteach in 2020 ar a dtugtar Workvivo. Oibríonn Workvivo le Gaeilge agus, má roghnaítear an Ghaeilge mar theanga réamhshocráithe, léireofar gach lipéad eochrach go huathoibríoch as Gaeilge, m.sh. téacs cnaipe agus lipéid nascleanúna. Cuireadh treoracha ar fáil don fhoireann maidir le conas is féidir an Ghaeilge a shocrú mar theanga réamhshocráithe ar a leathanach Workvivo. ➤ Seoladh spás ar leith don Ghaeilge laistigh de Workvivo ar a dtugtar “<i>Fáilte Isteach</i>” i mí an Mhárta 2021 do <i>Sheachtain na Gaeilge</i>, áit arbh fhéidir don fhoireann smaointe, moltaí agus ailt shuimiúla i nGaeilge a roinnt. Tá beagnach 1,900 ball foirne, mac léinn agus conraitheoir tar éis dul isteach sa spás don Ghaeilge.

		➤ Leanfar ar aghaidh leis an nGaeilge a cheiliúradh ar an bhfóram sin agus spreagfar agus éascófar rannpháirtíocht <i>as Gaeilge</i> do bhaill foirne atá ag iarraidh é sin a dhéanamh.
An Gaeltacht	Cruinnithe	➤ Déanfar cruinnithe comhairleacha le cliaint i gceantair Ghaeltachta trí mheán na Gaeilge nuair is féidir agus de réir mar is cuí. ➤ Cuirfear fáilte roimh ionchur as Gaeilge nó as Béarla ag cruinnithe poiblí eagraithe ag Teagasc nó ar ár son. ➤ Déanfar aon chruinniú atá eagraithe ag Teagasc, a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge, trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach, de réir mar is cuí.
	Comhfhreagras	➤ Beidh an comhfhreagras le muintir na Gaeltachta as Gaeilge amháin, de réir mar is gá.
	Logainmneacha	➤ Leanfaidh Teagasc ag úsáid logainmneacha oifigiúla Gaeilge de cheantair Ghaeltachta.
	Sraith físe	➤ In 2020/2021, rinne Teagasc sraith de chúig fhíseán ghairide as Gaeilge (agus fotheidil i mBéarla leo) i gcomhar le <i>Teach na Gaeilge Mhaigh Cuilinn</i>, <i>Conradh na Gaeilge</i> agus <i>Údarás na Gaeltachta</i> ar fheirmeoireacht i nGaeltacht Mhaigh Cuilinn. Uaslódáladh na físeáin seo ar roinnt ardán ar na meáin shóisialta agus breathnaíodh orthu níos mó ná 40,000 uair go dtí seo. Cuireadh ar Workvivo freisin iad, .i. ardán cumarsáide inmheánaí Teagasc, áit a bhfuil siad ar fáil don fhoireann. ➤ Rinne Teagasc físeán gairid Gaeilge i gceantar Chiarraí freisin agus bhí agallamh ann <i>as Gaeilge</i> idir Comhairleoir Teagasc agus cliant atá ina fheirmeoir áitiúil a labhair faoi na deacrachtaí a bhaineann le feirmeoireacht caorach i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.
	Oileáin Árann	➤ Tá ceithre ionadaí de chuid Teagasc ar an gCoiste Stiúrtha de thionscadal EIP-AGRI <i>Caomhnú Árann</i> ar Oileáin Árann. Is é cuspóir an tionscadail ná gnáthóga ar Oileáin Árann a bhainistiú agus a n-aschur talmhaíochta agus éiceolaíochta a uasmhéadú agus oibríonn an Coiste le 127 feirmeoir ar an trí oileán. Tá ról ag Teagasc chun tacú agus chun cur le treoir an tionscadail agus chun an scéim a nascadh le scéimeanna talmhaíochta eile a bhaineann le feirmeoirí áitiúla ar Oileáin Árann. In 2020, d'ainmnigh an Coimisiún Eorpach tionscadal <i>Caomhnú Árann</i> mar iomaitheoir sa bhabhta ceannais de Dhámhachtain Eorpach Natura 2000. Leanfaidh Teagasc leis an mbaint atá aige le tionscadal <i>Caomhnú Árann</i>.
	Leithinis Uíbh Ráthaigh	➤ Tá ionadaí ag Teagasc ar <i>Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh</i>, a cuireadh ar bun in 2017, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, chun traidisiúin na Gaeltachta a chaomhnú agus chun stad a chur le meathlú na teanga agus laghdú

		an daonra. Is é ról an Chomhairleora Teagasc ar an Tascfhórsa ná bheith ag obair le teaghlaigh áitiúla feirmeoireachta chun foinse mhalartach d'ioncam feirme a chruthú agus deiseanna a fhorbairt do dhaoine a bheadh ag iarraidh filleadh ar fheirm a muintire. Leanfaidh Teagasc leis an mbaint atá aige le <i>Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh</i>.
	Imeachtaí poiblí	➤ Leanfar leis an dátheangachas ag imeachtaí poiblí i gceantair Ghaeltachta mar chuid d'iarrachtaí Teagasc chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal. Mar shampla, d'eagraigh Teagasc imeacht mór le rá dar teideal <i>Imeacht Feirme Chonamara</i> i nGaillimh i gcomhar le <i>Conradh na Gaeilge</i> chun ceiliúradh a dhéanamh ar <i>Bhliain na Gaeilge</i>. Bhí os cionn 330 i láthair agus taispeánadh scannán gairid as Gaeilge (agus fotheidil Bhéarla air) ag an imeacht. Thug na cainteoirí ar an oíche na cuir i láthair, den mhórchuid, <i>as Gaeilge</i>.

Caibidil 5: Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú

5.1 Earcaíocht

Earcófar baill foirne le scileanna cuí sa Ghaeilge i ngach réimse d'obair Teagasc chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá cumas Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin, ina mbeidh cóip den scéim chomhaontaithe, ar fáil ar líne do gach ball foirne nua chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh Teagasc de chinntiú go bhfuil an fhoireann tiomanta do sheirbhís feabhsaithe as Gaeilge a sholáthar agus déanfaidh Teagasc an tuiscint a chothú i measc na foirne gur cuid lárnach an tseirbhís sin de Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Tá Teagasc tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil don fhoireann freastal ar chúrsaí creidiúnaithe oiliúna sa Ghaeilge, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú trínár gclár ríomhionduchtaithe agus ár gclár forbartha foirne bliantúil.

		Gealltanais
Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú	Earcaíocht	➤ Déanfar rochtain a thabhairt do bhaill foirne nua ar ábhar ionduchtaithe agus beidh cóip de Scéim Ghaeilge Teagasc mar pháirt de. ➤ Aithníonn Teagasc an sprioc atá leagtha síos i ndréacht-Bhille na dTeangacha Oifigiúla, go gcaithfidh Gaeilge a bheith ar a dtail ag 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí faoi 2030.
	Oiliúint	➤ Leanfaidh Teagasc de bhaill foirne a spreagadh chun a gcumas i nGaeilge a úsáid agus cuirfidh sé in iúl dóibh na deiseanna atá ann chun a gcuid Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú. Tabharfar eolas do bhaill foirne maidir leis an réimse ranganna Gaeilge atá ar fáil, ranganna agus oiliúint ar líne san áireamh. ➤ Leanfar de riachtanais oiliúna a shainaitheint sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus déanfar socruithe iomchuí maidir le hoiliúint sa Ghaeilge a sholáthar. Tugtar tosaíocht d'iarraitais ar oiliúint sa Ghaeilge mar chuid den chóras CBFF i Teagasc.

		➤ Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil, amhail www.tearma.ie www.focloir.ie www.teanglann.ie agus www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach den fhoclóir Gaeilge-Béarla Ó Dónaill ➤ Tabharfar deiseanna do bhaill foirne a labhraíonn ar son Teagasc in agallaimh sna meáin Ghaeilge leas a bhaint as oiliúint i scileanna na meán trí Ghaeilge. ➤ Forbrófar rannán Gaeilge ar an ardán nua foghlama inmheánach de chuid Teagasc, T-Learn, áit ar féidir naisc, faisnéis, acmhainní agus ábhar a roinnt.
	Rannpháirtíocht i gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn / Soláthar acmhainní	➤ Spreagfar baill foirne chun páirt a ghlacadh in imeachtaí agus gníomhaíochtaí teanga cultúrtha, amhail <i>Samhain</i>, <i>Seachtain na Gaeilge</i>, <i>Lá Fhéile Pádraig</i> agus <i>Lá Bealtaine</i>, agus a dtaithí féin a roinnt ar an spás tiomnaithe don Ghaeilge atá ar ardán cumarsáide inmheánaí Teagasc (Workvivo). ➤ Éascófar rochtain ar a thuilleadh faisnéise maidir le hacmhainní teanga (mar a leagtar amach thuas) ar T-Learn agus T-Net. ➤ Tá doiciméad oiliúna maidir le Feasacht Teanga agus Soláthar Seirbhísí Custaiméara Dhátheangacha ar fáil do bhaill foirne ar inlín Teagasc (T-Net). Tá gluais d'fhocail agus abairtí Gaeilge ann, abairtí bunúsacha comhráite a bhfuil seans mór ann go n-úsáidfear iad nuair atáthar ag déileáil le custaiméirí.

5.3 Poist Ainmnithe Gaeilge

5.3.1 Cumas sa Ghaeilge

Ag féachaint do bheartas rialtais maidir le seirbhísí i nGaeilge níos fearr a chur ar fáil, déanfaidh Teagasc aon phoist a bhfuil cumas sa Ghaeilge mar cheanglas riachtanach aige a shainaithint faoi dheireadh chéad bhliain na scéime. Déanfar gach iarracht na riachtanais seo a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime ag féachaint d'earcaíocht, d'ardú céime agus do pholasaithe oiliúna, mar is iomchuí. Cuirfidh sé seo ar chumas Teagasc feabhas de réir a chéile ar sheirbhísí Gaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta i mbealach níos straitéisí.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Oifigeach na Gaeilge agus Roinn na Seirbhísí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta. Beidh Emma Fogarty, Oifigeach na Gaeilge, ina duine teagmhála don scéim, agus is féidir dul i dteagmháil léi ag emma.fogarty@teagasc.ie

Cuirfear ar fáil agus taifeadfar inár dTuarascáil Bhliantúil córas foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Poibleofar an scéim seo go himmheánach agus go seachtrach, i bpreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach na scéime ar fáil ar shuíomh gréasáin Teagasc agus scaipfear é ar bhaill foirne agus ar pháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí cuí. D'fhéadfaí modhanna eile a úsáid freisin chun an scéim a phoibliú.

Chomh maith leis sin, tapóidh Teagasc gach deis inár gcuidreamh le cliaint ó lá go lá na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú trí na modhanna seo a leanas:

- cliaint a chur ar an eolas go díreach agus go réamhghníomhach faoin rogha gnó a sheoladh linn trí meán na Gaeilge, mar shampla, trí fhógraí sna láithreacha fáilte ag tabhairt le fios na seirbhísí i nGaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostáil go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- ag taispeáint mar chomhartha ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge freisin ach amháin más leaganacha dátheangacha iad;
- an suntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.